

# ❁ An Lúibín ❁

20 Aibreán 2015

## 21<sup>st</sup> Australasian Irish Studies Conference

Ollscoil Mhaigh Nuad  
18–20 Meitheamh 2015

<https://isaanzmaynooth2015.wordpress.com>

Tá faill ag daoine le clárú fós i gcomhair na Comhdhála seo, agus tá dréachtchlár déanta. Féach na hábhair thíos. Tá éagsúlacht ag gabháil leo ach níor chuimhnigh aon duine ar pháipéar a thairiscint a bhaineann leis an nGaeilge. Ábhar é a d'oirfeadh do 'Irishness in the Diaspora,' 'Literature, Place and Culture' nó do 'Ireland, Identity and Nationalism'. Sárshampla é seo den chaoi a bhfágtar an Ghaeilge i leataobh i gcúrsaí staire go fóill, fiú agus a fhios againn anois go raibh raibh fuinneamh iontach inti sa 19ú haois féin. (Féach 'An Irish-Speaking Island' in *An Lúibín*, 24/1/2015.)

### Na hábhair:

*Women's Interactions with War*  
*Protestants in a Changing Ireland*  
*Politics, Nationalism and Diversity*  
*Irishness in the Diaspora*  
*Gender and the Irish Experience*  
*Commemoration 1: Principle and Practice (Roundtable)*  
*Commemoration 2: The Politics of Now (Roundtable)*  
*Literature, Place and Culture*  
*The Emigrant Experience I*  
*The Emigrant Experience II*  
*Irish Influence and Culture in the Antipodes*  
*Ireland, identity and nationalism*  
*Identity, Language and Literature*  
*Film as Ethnographic History*  
*Literature and the Environment*  
*Irish Catholicism and Australia*  
*War, Resistance and Religion*  
*Diversity in the Irish Experience*  
*Literature and war*  
*Memory, Impact and Representation*



## Plódú

Is gearr ó chuala Coiste Oideachais an Oireachtais faoi na constaicí atá roimh dhaoine arb áil leo a gclann a chur ar scoil trí Ghaeilge.<sup>1</sup> Cuireadh ceisteanna ar dhaoine de chuid Chomhairle Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG), Ghaelscoileanna Teo, Thuismitheoirí na Gaeltachta agus na Roinne Oideachais.

Maíodh go bhfuil scoileanna lán-Ghaeilge ann anois nach féidir leo freastal ar an éileamh. Chun na hiarrthóirí a scagadh déantar agallamh a chur ar thuismitheoirí i nGaeilge féachaint an bhfuil siad ag tógáil a gclainne leis an teanga. Is beag an t-ionadh, mar sin, go bhfuil tuismitheoirí ag déanamh cúrsaí chun an mheirg a bhaint dá gcuid Gaeilge. Daoine de chuid na meánaicme is mó a bhfuil sé d'acmhainn acu é sin a dhéanamh, cé go bhfuil borradh ag teacht faoin méid gaelscoileanna i gceantair faoi mhíbhuntáiste.

Tá 143 gaelscoil ann sa seacht gcontae is fiche, daichead gaelcholáiste agus 187 naíscoil.<sup>2</sup> Tá an iomarca éilimh ar 43% de ghaelscoileanna agus ar 25% de ghaelcholáistí, de réir Ghaelscoileanna Teo. Luadh fadhb eile a phléitear anois agus arís: fiú na bpáistí a thógtar le Gaeilge tagann siad abhaile ón ngaelscoil le Gaeilge bhriste. Níl a fhios ag aon duine, áfach, cén rian a fhágfaidh sin ar an nGaeilge san fhadtárma.

Fadhb eile atá ann gur deacair múinteoirí a fháil a bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu. Mhaígh Bláthnaid Ní Ghréacháin ó Ghaelscoileanna Teo gur thaispeáin na figiúirí is déanaí nach ndúirt ach 115 duine as an 2,000 múinteoir a bhí ar lorg poist i scoileanna lán-Ghaeilge go raibh siad líofa. Ní raibh Gaeilge an mhionlaigh úd féin thar mholadh beirte. Dúirt Muireann Ní Mhóráin ó COGG nach raibh ann ach caolseans go bhfaighfeá múinteoirí meánscoile a bhí in ann matamaistic, fisic, bitheolaíocht agus a leithéidí a mhúineadh trí Ghaeilge.

Admhaíodh go bhfuil cainteoirí dúchais gann anois i bpobail agus i scoileanna na Gaeltachta.



## Rís Ceoil

Tá taithí fhada againn ar cheoltóirí traidisiúnta agus leath-thraidisiúnta a bhaineann feidhm as an nGaeilge. Scéal eile is ea Rís, grúpa ó Chonamara 'a chumann ceol nua, glan as an bpíosa'. Tá siad ann le tamall maith agus dhá albam curtha amach acu, *Heileo Campello* (2003) agus *Fear nár Mhair ach Soicind* (2013). Breandán agus Ritchie Ó hEaghra atá ghrúpa agus PJ MacDonncha, in éineacht le corrchara ó am go chéile. Neart gigeanna beaga déanta acu.

Iad le fáil ar Youtube ag seisiún taifeadta i dTeach Mholly in Indreabhán, Lá Stiofáin 2012, le Toner Quinn agus le Tadhg Mac Dhonnagáin. Ceol garbh beoga.

\* <https://www.youtube.com/watch?v=O4TD5BwKUc0>

\* <https://www.youtube.com/watch?v=0-9Rkaf22Lg>

\* <https://www.youtube.com/watch?v=VfbXhE7RJ4A>

\* <https://www.youtube.com/watch?v=j9fj5uunVdY>


\* <https://www.youtube.com/watch?v=ToPGCCBI1jo>



<sup>1</sup> Ailbhe Conneely, 'Jumping hoops to learn through Irish': <http://www.rte.ie/news/special-reports/2015/0402/691601-jumping-hoops-to-learn-through-irish/>

<sup>2</sup> <http://www.gaelscoileanna.ie/en/about/statistics/?lang=ie>

## Gaeilgeoirí Slavacha



**Ollscoil Stáit Mhoscó**  
*Wikipedia Commons*

Tá Gaeilgeoirí le fáil in áiteanna nach mbeadh súil agat leo, agus is é an scéal céanna ag na Breatnaiseoirí é. Daoine iad atá faoi dhraíocht ag teangacha ó chiumhais Cheilteach na hEorpa. Tá Gaeilgeoirí le fáil in Oirthear Eorpa féin agus roinnt Rúiseach chun tosaigh san obair. Tá pobal beag Gaeilge i Moscó, daoine tritheangacha a bhfuil aithne ag teacht ag Gaeilgeoirí eile orthu.

Orthu sin tá Marina Sneseva, Rúiseach a raibh Gaeilge Chonamara aici sular bhain sí Éire amach, agus í le feiceáil ar fhíseán de chuid *Tuairisc.ie* (<http://tuairisc.ie/fisean-gra-on-ruis-don-ghaeilge/>). Iarlúthchleasaí ón Rúis is ea Vitaly Kovalchuk agus Gaeilge ar a thoil aige, rud is léir ó na hagallaimh atá déanta aige le Raidió na Gaeltachta faoi chúrsaí polatíochta agus spóirt ina thír dhúchais. Gaeilgeoir eile ia ea Victor Bayda agus é ina léachtóir Gaeilge in Ollscoil Stáit Mhoscó. Sa bhliain 2012 chuir riarthóir ClubLeabhar.com, Diarmuid Ó Mathúna, agallamh air faoi aiste dar teideal "Gaeilge mar Mheán Cultúrtha" in *An Ghaeilge i gCéim* (Siún Ní Dhuinn, eag: *LeabhairComhar* 2011). Féach [www.youtube.com/watch?v=WsZj5DOLCfU](http://www.youtube.com/watch?v=WsZj5DOLCfU).

Ansin tá *Litríocht na hÉireann aistrithe go Rúisis/ Irish Literature in Russian Translation/ Ирландская литература*, iris neamhspleách dhátheangach a chuirtear amach gach dhá bhliain i gcló agus ar líne. Tá baint ag an School of Languages, Literatures and Cultural Studies i gColáiste na Tríonóide leis an ngnó, in éineacht le hInstitiúid Liteartha Gorky i Moscó. Tá scríbhneoirí Éireannacha ár linne ann agus scoth na Rúisise curtha ar a saothar. Scríbhneoirí Béarla is mó atá ann, ach tá roinnt scríbhneoirí Gaeilge ina gcuideachta: na filí Aifric Mac Aodha, Caitríona Ní Chléirchín agus Máirtín Ó Direáin. Féach [www.irlandskayaliteratura.org/](http://www.irlandskayaliteratura.org/).



**Ollscoil Adam Mickiewicz**  
*Wikipedia Commons*

Tá Gaeilge á múineadh sa Pholainn mar chuid den léann Ceilteach i Scoil an Bhéarla in Ollscoil Adam Mickiewicz. Is féidir BA agus MA a fháil, agus cuireadh an chéad Chomhdháil Léinn Cheiltigh ar bun i Mí Dheireadh Fómhair 2014. Ar na céimithe tá Alicja Mańkowska, Gaeilgeoir atá ina cónaí in Éirinn agus í le coilsteáil ar Raidió na Gaeltachta. Éist léi anseo:

\* [www.gyreum.com/wp-content/uploads/RnaG-an-Gyr%C3%A9um1.mp3](http://www.gyreum.com/wp-content/uploads/RnaG-an-Gyr%C3%A9um1.mp3)

\* [www.gyreum.com/wp-content/uploads/RnaG-an-Gyr%C3%A9um2.mp3](http://www.gyreum.com/wp-content/uploads/RnaG-an-Gyr%C3%A9um2.mp3)

Tá breis eolais ar an Roinn Teangacha agus Litríochtaí Ceilteacha in Ollscoil Adam Mickiewicz le fáil anseo:

\* [http://wa.amu.edu.pl/wa/en/Department of Celtic Languages and Literatures](http://wa.amu.edu.pl/wa/en/Department_of_Celtic_Languages_and_Literatures)

Slavach eile is ea Michal Boleslav Měchura, Seiceach agus fear ríomhaireachta a bhfuil gaisce déanta aige ag cur áiseanna Gaeilge (foclóirí agus eile) ar fáil ar líne. Scoth Gaeilge aige, in éineacht le Seicis, le Béarla agus le teanga nó dhó eile. Chuaigh an teanga ar sochar dó, dar leis: 'I have been able to meet interesting people I wouldn't have met otherwise, to become involved in interesting projects I wouldn't have become involved in otherwise, and made feel welcome like someone who belongs here rather than a stranger who's just tolerated here'.<sup>3</sup>

Tá cúrsaí Gaeilge ar fáil do gach scoláire Béarla i Lárionad an Léinn Éireannaigh in Ollscoil Shéarlais i bPrág. Faigheann na scoláirí is fearr scoláireacht a ligeann dóibh freastal ar chúrsa Gaeilge de chuid Oideas Gael i nGleann Cholm Cille.



### An fear a chaill a cheann

Scéal an-suimiúil é seo thíos a foilsíodh ar *Thesaurus Linguae Hibernicae* ([www.ucd.ie/tlh/published.html](http://www.ucd.ie/tlh/published.html)), suíomh a bhfuil mórán seanscéalta Gaeilge ann (agus aistriúcháin ag roinnt le cuid acu). Foilsíodh an scéal seo ar *Études Celtiques* 2 (1937) ar dtús: MS p.32b ([www.ucd.ie/tlh/text/pg.ec.2.001.text.html](http://www.ucd.ie/tlh/text/pg.ec.2.001.text.html)). Luaitear Diarmuid Mac Cearbhaill, atá ina phearsa sa scéal seo, mar ardrí na hÉireann sna seanscéalta.

Lá amháin chuaigh Diarmuid Mac Cearbhaill chun aonach Taitinn a chomóradh an bhliain tar éis dó Éire a ghabháil, agus is é a bhí anamchara aige an uair sin .i. Ciarán Mac an tSaoir, agus bhí sé siúd i gcoimhdeacht Dhiarmada ar an aonach, agus nuair a tharraing siad ar aoibhneas an aonaigh chonaic sé bean ina gcoinne agus í ag iarraidh a fir. Nuair a fuair sí é bhí sí á líomhain ar bhean eile,<sup>4</sup> agus bhí sé ag éileamh ar an bean faoi sin, agus dúirt sí go nglacfadh sí le luí faoi lámh Chiaráin<sup>5</sup> uaidh nach raibh sé ciontach.

Thóg sé lámh an éarlaimh ina dhiaidh sin agus chuir sé ar a mhuineál í, agus mhionnaigh sé dá réir nach raibh sé ciontach. D'fhás cnoc ailse ar a mhuineál in áit lámh Chiaráin agus thit a cheann de san aonach i bhfianaise fhir Éireann. Mórath ainm Chiaráin tríd an míorúilt sin. Chuaigh an fear le Ciarán go dtí Cluain Mhic Nóis chun a anam a leasú an oiread a chinnfeadh Dia a bheatha dó, agus bhí sé seacht mbliana ina bheatha gan cheann air ag na manaigh tar éis bhás Chiaráin, nó gur tharla bean chuige uair amháin agus gur luigh sé léi. D'éirigh sí torrach agus fuair sé bás an uair chéanna, agus d'adhlaic na manaigh é. Chun an feart sin a chomóradh a scríobhadh an cuntas seo.

Ba dheacair gan cuimhneamh ar shiombalachas fallach anseo: an choir chollaí, an 'dícheannadh' a leanann í, toibhirt na beatha do Dhia agus an ghiniúint dheireanach mar chúiteamh. Sean-nath de chuid ár linne an siombalachas céanna, agus ní air sin a bhí fear breactha an scéil ag cuimhneamh. Is é an rud a fhanann againn íomhá osréalach agus gníomhartha a bhfuil blas na brionglóide orthu.

### An bunleagan:

*La da n-deachad Diarmaid mac Cerbail do comoradh aenaigh Tailltin in bliadbain iar n-gabbail Eireann dó, & is e fa hanmcara do in tan sin .i. Ciaran mac ind tShair, & do bui in la sin a coimidecht Diarmada ar in aenach, & ar tairgsin aibneasa an aenaigh co facadur ben da n-innsaighi & si ac iaraidh a fir & arna fhaghbail di do bui oca liamuint ar mmai ele, & do boi in fer ac eilugadh na mna uime sin, & adubhairt si co n-gebadh luighi fo laim Chiarain uadha sin, nach cinntach.*

*Do tog laim an erluim asa haithbli, & cuiridh fora muinel bi, & toingid uimpi nar cinntach e. Fasaigh cnoc aillsi fora muinel a n-ait laime Ciarain curtuut a cenn de isin aenach a fiadnuise fear nErenn. Co ro*

<sup>3</sup> <https://multikulti.wordpress.com/2014/09/15/10-reasons-why-irish-is-an-absolutely-awesome-language/#more-314>

<sup>4</sup> ag cur milleáin air faoi bhean eile

<sup>5</sup> 'luí faoi lámh' – an leabhar a thabhairt

*moradh ainm Ciarain tresna mirbuile sin. Co ndeachat la Ciaran co Cluain Mic Nois do lesugadh a anma an oirid do cinnfedh Dia a betha do, & do bi co cend secht mbliadhán 'na betha gan cenn fair ac na manchaibh tar eis Ciarain, no co tarla ben cuigi fecht naill, & cur coimriacht risin mmai, co roib torrach & co fuair fein bais se baiti na haen-uaire, & do hadlaiceadh leis na manchaibh in méach, cor do cuimningadh an firt sin do graifne in líne so.*



**Mura mian leat An Lúibín a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).**

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au) .*

## Trí Dhán le Colin Ryan

### An Íoslainn

Ní raibh tú riamh ann  
ná ní rachfá ann choíche  
mar nár thír í in aon chor  
ach scéal ba dheacair a chreidiúint –  
áit a bhíodh i mbun gaibhneachta,  
á bruithniú féin, á teilgean féin ar an aer:

is na longa fada ag fágáil na n-áitreabh  
is Njál á dhó beo beathach  
faoi smúit na míchinniúna.<sup>6</sup>

### Síobaire

Ag dul sa seans atá tú  
a dúirt sé léi is í chuiige isteach,  
cailín a raibh lasair inti;  
mheath an lá ina dtimpeall  
is an bóthar á mhúchadh sa tuath,  
í féin ina suí go seansúil  
in aice leis, í beo is í ina tost.

Dhruid sé i leataobh, b'eo an áit,  
is gan pioc lena thaobh  
ach cumhracht is cuimhne,  
iarsma cneá nach leigheasfaí lena lá.

### Téadchleasaí

Is í an chéad choiscéim  
a chuireann mearbhall i do cheann,  
an t-aer úd thíos, an t-aer úd thuas,  
ansin an súgradh, an léim dhúbailte  
is na héin ag dul i gcoimhlint leat  
idir aer is aer,  
is ansin do chosa ag scaradh go deo  
le teannas na téide  
gan a fhios agat an bhfuil tú ag éirí  
nó ag druidim anuas le duibheagán.

---

<sup>6</sup> Tagairt do *Brennu-Njáls saga* (*Saga Njál a dódh beo beathach*). Saga mór de chuid de hÍoslainne é a chuireann síos ar Njál **Porgeirsson**, fear dlí agus saoi a maraíodh de dheasca achrainn idir comharsana.